



NORTHERN IRELAND SCREEN
Irish Language Broadcast Fund
An Ciste Craoltóireachta Gaeilge

CISTE IDIRNÁISIÚNTA CEILTEACH

Tá áthas ar BBC ALBA (le maoiniú ó MG ALBA), S4C, TG4 agus An Ciste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF) de chuid Scáileán Thuaisceart Éireann tús a chur leis an Chiste Idirnáisiúnta Ceilteach a bhéas ag reáchtáil babhta comhchoimisiúnaithe gach bliain idir na craoltóirí agus maoinitheoirí teilifíse sna teangacha Ceilteacha in Albain, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart agus Poblacht na hÉireann.

Tá sé mar aidhm ag an Chiste Idirnáisiúnta Ceilteach spreagadh a thabhairt do chomhfhorbairt agus do chomhléiriúchán trí mheán na Gáidhlice, na Breatnaise agus na Gaeilge agus uchtach a thabhairt d'idirnáisiúnú Eorpach agus domhanda de léiriúcháin a ceapadh ar dtús sna teangacha Ceilteacha sin. Tá sé mar sprioc ag an Chiste Idirnáisiúnta Ceilteach an deis a chur ar fáil do scannánóirí comhfhorbairt agus comhléiriúchán a dhéanamh ar chlár shuntasacha, fhorásacha a chruthóidh luach mór don sceideal príomh-ama, a mbeidh tionchar acu ar lucht féachana náisiúnta in Albain, sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart agus Poblacht na hÉireann, agus a mbeidh sé mar aidhm acu dul i bhfeidhm ar lucht féachana ar fud an domhain.

Tá trí seánra ar leith i gceist leis an chéad bhabhta seo - Fíorasach, Dráma agus Beochan. Do na tograí go léir beidh tréimhse fhorbartha i gceist ina gcuirfear maoiniú ar fáil le smaointe a fhorbairt ach freisin chun líonra comhléiriúcháin a fhorbairt a bhfuil sé mar riail go gcaithfear cuid den phróiseas léiriúcháin tarlú in Albain, sa Bhreatain Bheag agus i bPoblacht nó i dTuaisceart na hÉireann. Cuirfear fáilte freisin roimh mholtaí ó léiritheoirí maidir leis an chineál clár ba cheart a bheith ainmnithe sna bhabhtaí coimisiúnaithe a bhaineann leis an Chiste Idirnáisiúnta Ceilteach amach anseo.

Beidh comhfhoireann coimisiúnaithe i gceannas ar an Chiste Idirnáisiúnta Ceilteach, ag teacht ó na craoltóirí agus na maoinitheoirí teilifíse sna teangacha Ceilteacha atá mar chomhpháirtithe sa scéim seo. Caithfear tograí a chur isteach go leictreonach le cáipéis pdf amháin do na smaointe agus na léaráidí agus cáipéis excel amháin do na buiséid. Caithfidh an comhlacht atá mar 'cheanneagras' ar an togra comhfhorbairt clárú ar dtús le suíomh r-choimisiúnaithe TG4

<http://update.tg4.ie/ecom/login.php> agus a chuid tograí a uaslódáil roimh an spriocdháta cuí

isteach sa rannóg chuí, ‘Celtic Factual 2018’, ‘Celtic Drama 2018’ nó ‘Celtic Animation 2018’. Cuirfear cinneadh tosaigh maidir leis na h-iarratais in iúl don chomhlacht taobh istigh de dhá mhí tar éis an spriocdháta iontrála.

Má théann an fhorbairt ar aghaidh go léiriúchán beidh an íocaíocht fhorbartha le híoc ar ais nuair a thosóidh an léiriúchán. Fanfaidh an mhaoin intleachtúil leis na comhlachtaí comhfhorbartha, roinnte eatarthu ar bhealach a aontóidh siad féin eatarthu.

IARRATAIS CHUIG AN CHISTE IDIRNÁISIÚNTA CEILTEACH 2018

Forbairt ar Chláir Fhíorasacha.

Cuirfear fáilte roimh smaointe a mbeidh tionchar láidir acu ar an lucht féachana nó ar lucht léirmheastóireachta in Albain, An Bhreatain Bheag agus in Éirinn, thuaidh agus theas. Cuirfear fáilte faoi leith roimh smaointe le féidearthachtaí comhléiriúcháin le craoltóirí san Eoraip nó ar fud an domhain.

Tograí atá inghlactha:

- 1) Cláir fhada faisnéise cruthaitheacha (fad c.75 nóiméad)
- 2) Sraitheanna faisnéise cruthaitheacha (idir 3 agus 6 clár, fad 1 uair)

Maoiniú forbartha atá ar fáil: Suas le €18,000 nó £16,000.

Iarratasóirí atá inghlactha: Comhlachtaí léiriúcháin le saineolas i gcláracha faisnéise i gceann amháin ar a laghad de na teangacha Ceilteacha agus a bheidh sásta comhfhorbairt a dhéanamh le comhlachtaí léiriúcháin eile sna críocha Ceilteacha eile.

Céard atá le cur san iarratas: **1)** Gearr-achoimre (suas le 30 focal), **2)** Achoimre (suas le leathanach amháin A4), **3)** Nótaí maidir leis an mhodh oibre chun comhfhorbairte a dhéanamh leis na comhlachtaí eile, **4)** Buiséad forbartha, **5)** Buiséad imlíne measta léiriúcháin agus foinsí maoinithe.

Spriocdháta: Dé Céadaoin 19 Meán Fómhair 2018

Rannóg do na h-iarratais: Celtic Factual 2018

Forbairt ar Dhrámaíocht.

Tá sé i gceist againn múnla nua do chomhléiriúchán idir na craoltóirí Ceilteacha ar dhrámaíocht réamhscriptithe. Ag úsáid teicnící mar thaifeadadh ‘back-to-back’ sna 3 teangacha tá muid ag lorg trí leagan faoi leith ag teacht as scenário amháin.

Tograí atá inghlactha: Scannáin teilifíse (fad c.110 nóiméad). Is féidir le tograí a bheith bunaithe ar gnáth-sheánraí na scannán (ach amháin seánra na coiriúlachta) agus ba cheart dóibh a bheith dírithe ar lucht féachana iar-thairseach-a-naoi nó ar lucht féachana teaghlaigh.

Maoiniú forbartha atá ar fáil: Suas le €60,000 nó £53,000.

Iarratasóirí atá inghlactha: Comhlachtaí léiriúcháin le saineolas i léiriúchán drámaíochta i gceann amháin ar a laghad de na teangacha Ceilteacha agus a bheidh sásta comhfhorbairt a dhéanamh le comhlachtaí léiriúcháin eile sna críocha Ceilteacha eile.

Céard atá le cur san iarratas: **1)** Gearr-achoimre (suas le 30 focal), **2)** Achoimre (suas le leathanach amháin A4), **3)** Imlíne an Scéil (4-6 lch.) agus léaráidí samplacha **4)** Nótaí maidir leis an mhodh oibre chun comhfhorbairt a dhéanamh leis na comhlachtaí eile, **5)** Buiséad forbartha, **6)** Buiséad imlíne measta léiriúcháin agus foinsí maoinithe.

Spríocdháta: Dé Céadaoin 24 Deireadh Fómhair 2018

Rannóg do na h-iarratais: Celtic Drama 2018

Forbairt ar Bheochan.

Tá sé i gceist againn forbairt a dhéanamh ar fhadscannáin beochana bunaithe ar théamaí ón scéalaíocht Cheilteach (miotaseolaíocht nó nua-scéalaíocht). Nua-léiriú comhaimseartha ar scéalta Ceilteacha a bheadh i gceist, a thaitneodh le lucht féachana teaghlaigh sna tíortha Ceilteacha agus ar fud an domhain.

Tograí atá inghlactha: Fadscannáin beochana (fad c. 90 - 110). Ba cheart go mbeadh na tograí dírithe ar lucht féachana teaghlaigh agus tarraingt iontu do lucht féachana taobh amuigh de na tíortha Ceilteacha.

Maoiniú forbartha atá ar fáil: Suas le €60,000 nó £53,000.

Iarratasóirí atá inghlactha: Comhlachtaí léiriúcháin le saineolas i léiriúchán beochana i gceann amháin ar a laghad de na teangacha agus/nó críocha Ceilteacha agus a bheidh sásta comhfhorbairt a dhéanamh le comhlachtaí léiriúcháin eile sna críocha Ceilteacha eile.

Céard atá le cur san iarratas: **1)** Gearr-achoimre (suas le 30 focal), **2)** Achoimre (suas le leathanach amháin A4), **3)** Imlíne an Scéil (4-6 lch.) agus léaráidí samplacha **4)** Nótaí maidir leis an mhodh oibre chun comhfhorbairt a dhéanamh leis na comhlachtaí eile, **5)** Buiséad forbartha, **6)** Buiséad imlíne measta léiriúcháin agus foinsí maoinithe.

Spríocdháta: Dé Céadaoin 24 Deireadh Fómhair 2018

Rannóg do na h-iarratais: Celtic Animation 2018

Má tá ceist agat faoin phróiseas iontrála cuir scéala chuig Anna Marie Nic Dhonnacha Anna.Marie.Nic.Dhonnacha@tg4.ie

Má tá ceist agat faoin Chiste idirnáisiunta Ceilteach go ginearálta, cuir scéala chuig duine de na feidhmeannaigh sna craoltóirí/maoinitheoirí.

BBC ALBA – Margaret Cameron Margaret.Cameron@mgalba.com

S4C – Llion Iwan llion.iwan@s4c.cymru

TG4 – Mary Ellen Ní Chualáin maryellen.ni.chualain@tg4.ie

Northern Ireland Screen/ILBF – Áine Walsh Aine@northernirelandscreen.co.uk

Más comhlacht léiriúcháin sibh atá ag lorg comhpháirtí sna tíortha eile Ceilteacha is uirlis úsáideach é an 'CMF Connect Directory' <http://www.celticmediafestival.co.uk/connect/directory> agus b'fhiú clárú leis mar an chéad chéim.

Críoch.